Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2025
(OR. en)

**16221/25**

**UD 299**
**ENFOCUSTOM 211**
**MI 987**
**COMER 179**
**TRANS 617**
**ECOFIN 1657**
**CADREFIN 346**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 733 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir leis an Meastóireacht Eatramhach ar an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim 2021-2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 733 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 733 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.12.2025
COM(2025) 733 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

**maidir leis an Meastóireacht Eatramhach ar an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim 2021-2027**

{SWD(2025) 385 final}

GA

GA

## 1. RÉAMHEOLAS AGUS CÚLRA

Is réimse inniúlachta eisiaiche de chuid an Aontais Eorpaigh é Aontas Custaim an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh in 1968. Ciallaíonn sé sin nach féidir ach leis an Aontas reachtaíocht chustaim a ghlacadh, agus gurb iad na Ballstáit atá freagrach as í a chur chun feidhme. Le himeacht ama, tá méadú tagtha ar ról an luchta custaim thar bhailiú ioncaim traidisiúnta (lena n-áirítear dleachtanna custaim, CBL ar earraí allmhairithe agus, i gcás inarb infheidhme, dleachtanna máil). Déanann údaráis chustaim go leor cúraimí eile anois agus saothraíonn siad cuspóirí níos leithne, amhail slándáil, sábháilteacht, sláinte agus rathúnas daoine agus gnólachtaí san Aontas a chosaint. Ní mór cigireachtaí fisiciúla a dhéanann oifigigh chustaim ag pointí trasnaithe teorann (lena n-áirítear teorainneacha talún, aerfoirt, calafoirt agus ionaid phoist), agus an anailís ar shamplaí arna dtógáil le linn na gcigireachtaí sin i saotharlanna custaim, a dhéanamh ar bhealach comhchuibhithe chun cosc a chur ar earraí neamhdhleathacha nó contúirteacha teacht isteach san Aontas, agus trádáil dhlisteanach á héascú an tráth céanna. Chun a gcúraimí a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach, ní mór trealamh rialaithe nua-aimseartha iontaofa a bheith ag oifigigh chustaim, ag pointí trasnaithe teorann agus ag saotharlanna custaim. Leis an Ionstraim um Threalamh Rialaithe Custaim (‘ITRC’ nó ‘an ionstraim’) tugtar aghaidh ar an ngá atá ag na Ballstáit le tacaíocht airgeadais chun trealamh den sórt sin a cheannach.

Tá ITRC([1]) mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, mar aon leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí([2]), faoi Cheannteideal 4 (Imirce agus bainistiú teorainneacha) de bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Is clár cistiúcháin nua de chuid an Aontais í an ionstraim i réimse an bheartais custaim([3]) faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, a bhfuil buiséad EUR 1.006 billiún aige don tréimhse sin. Cuireann sé deontais ar fáil d’údaráis chustaim na mBallstát chun trealamh rialaithe custaim a cheannach, a chothabháil agus a uasghrádú.

Is é cuspóir na hionstraime rannchuidiú le torthaí leordhóthanacha coibhéiseacha a bhaint amach maidir le rialuithe custaim, agus é mar sprioc fhadtéarmach forfheidhmiú custaim comhchuibhithe a bhaint amach i measc na mBallstát uile. Is é is aidhm don chlár a áirithiú go mbeidh trealamh rialaithe úrscothach leordhóthanach ag oifigí custaim. Laghdóidh sé sin míchothromaíochtaí i bhfeidhmiú rialuithe custaim na mBallstát i ngeall ar dhifríochtaí ó thaobh acmhainneachta de. Trí infhaighteacht trealaimh rialaithe choibhéisigh a áirithiú, cuidítear freisin le cosc a chur le hatreorú earraí chuig na pointí is

([1]) Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do threalamh rialaithe custaim.

([2]) Rialachán (AE) 2021/1148 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear, mar chuid den Chiste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha, an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí.

([3]) Bhí cláir réamhtheachtacha ag an gclár custaim (Rialachán (AE) 2021/444) lena n-éascaítear agus lena bhfeabhsaítear comhar custaim idir údaráis chustaim.

laige sa chóras rialaithe custaim([4]). Cuidíonn ITRC le húdaráis chustaim gníomhú mar údarás amháin agus a misean a chomhlíonadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát a chosaint;
- slándáil agus sábháilteacht a áirithiú laistigh den Aontas;
- an tAontas a chosaint ar thrádáil neamhdhleathach, agus gníomhaíocht dhlisteanach ghnó á éascú.

Ceanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán ITRC ar an gCoimisiún meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar an ionstraim, ina ndéanfar measúnú ar a feidhmíocht ó thaobh éifeachtachta, éifeachtúlachta, comhleanúnachais, ábharthachta, sineirgí agus breisluacha don Aontas de. Leagtar amach sa tuarascáil seo torthaí eatramhacha na hionstraime le haghaidh thréimhse thagartha 2021-2024 agus tá sí bunaithe ar mheastóireacht ón gCoimisiún([5]) a bhfuil staidéar seachtrach mar thaca léi([6]). Cumhdaítear gach ceann de na 27 mBallstát leis an meastóireacht.

Is é is cuspóir don mheastóireacht eatramhach measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le cuspóirí na hionstraime a bhaint amach agus réimsí a shainaithint a d'fhéadfaí a fheabhsú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an clár a chuspóir. Cuireann an mheastóireacht eatramhach ar a chumas don Choimisiún coigeartuithe a dhéanamh ar chur chun feidhme ITRC ar bhonn na taithí a fuarthas agus ceachtanna a fhoghlaim le haghaidh beartais amach anseo.

## 2. PRÍOMHGHNÉITHE AGUS STAID NA HIMEARTHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME

Seoladh ITRC in 2021 nuair a glacadh Rialachán ITRC agus nuair a tháinig Rialachán ITRC i bhfeidhm. Is é AS TAXUD a chuireann chun feidhme é i modh na bainistíochta dírí trí chláir oibre ilbhliantúla. Is iad údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais an t-aon tairbhí atá aige. Mar a leagtar amach sa chéad chlár oibre ilbhliantúil (2021-2022) agus sa dara clár oibre ilbhliantúil (2023-2024), seoladh dhá ghlao ar thograí, i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus i mí na Nollag 2023 faoi seach. Bhí buiséad EUR 271.5 milliún ag an gcéad ghlao, agus buiséad EUR 284 mhilliún ag an dara ceann. I dteannta a chéile, comhfhreagraíonn an méid sin do thart ar 55 % de leithdháileadh airgeadais na hionstraime le haghaidh 2021-2027.

Bhí na Ballstáit incháilithe chun iarratais a chur isteach ar dhá thopaic: pointí trasnaithe teorann agus saotharlanna custaim. Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar na hiarratais ar an gcéad ghlao, úsáideadh an buiséad iomlán, agus síníodh 24 chomhaontú deontais leis na Ballstáit le haghaidh pointí trasnaithe teorann agus 18 gcomhaontú deontais le

([4]) Leis an gcleachtas sin, ar a dtugtar 'saor-roghnú an phointe allmhairithe', baintear an bonn d'éifeachtacht an chórais ina iomláine.


([5]) SWD(2025) 385 final, Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin.

([6]) Staidéar lena dtacaítear leis an meastóireacht eatramhach ar ITRC 2021-2027, IPSOS agus Synthesia, tuarascáil chríochnaitheach, Aibreán 2025.

haghaidh saotharlanna custaim. Leis na cistí a leithdháileadh, ceadaíodh do na Ballstáit níos mó ná 1 300 píosa trealaimh rialaithe custaim a cheannach, a chothabháil nó a uasghrádú le haghaidh breis agus 210 pointe trasnaithe teorann, agus breis agus 500 píosa trealaimh le haghaidh níos mó ná 30 saotharlann chustaim.

Tar éis meastóireacht a dhéanamh ar iarratais ar an dara glao, shínigh an Coimisiún 24 chomhaontú deontais leis na Ballstáit le haghaidh pointí trasnaithe teorann agus 22 chomhaontú deontais le haghaidh saotharlanna custaim. Bhí iarratas amháin (ón mBulgáir, le haghaidh pointí trasnaithe teorann) fós ar feitheamh i lár 2025. Agus an deontas deireanach sin a bhí ar feitheamh á chur san áireamh, baineadh úsáid iomlán as buiséad an dara glao freisin. Léirítear luach na dtionscadal a roghnaíodh faoin dá ghlao i bhFíor 1.

*Fíor 1: Leithdháileadh buiséid in aghaidh na topaice glao agus in aghaidh an Bhallstáit*



Maireann tionscadail suas le 36 mhí, agus is féidir síneadh a chur leo i gcásanna a bhfuil údar cuí leo. Tráth na meastóireachta eatramhaí, bhí an clár fós sna céimeanna tosaigh den chur chun feidhme. Faoi lár 2025, bhí 13 thionscadal as 42 thionscadal san iomlán faoin gcéad ghlao curtha i gcrích go hiomlán. Bhí coinne leis go dtabharfaí 13 thionscadal eile chun críche in 2025, 12 thionscadal in 2026 agus ceithre thionscadal in 2027. Beidh tionscadail ón dara glao, ar cuireadh tús leo go déanach in 2024 nó in 2025, ar siúl go dtí 2027-2028([7]).

Ceapadh ITRC chun cur chuige sonraíbhunaithe a úsáid maidir le ceapadh beartas. Eilimintí sonraí amhail trealamh rialaithe custaim atá ar fáil, modhanna iompair, rioscaí agus bagairtí do gach pointe trasnaithe teorann agus saotharlann chustaim, bailítear iad ó na Ballstáit tráth a chuirtear isteach gach iarratas agus sna tuarascálacha bliantúla agus deiridh ar chur chun feidhme an tionscadail. Cuireann na sonraí sin le cinntí maidir le tosaíochtaí beartais agus leithdháileadh cistí agus cumasaítear leo faireachán agus meastóireacht ar leibhéal an tionscadail agus ar leibhéal an chláir.

## 3. Príomhthorthaí na meastóireachta eatramhaí

Tugtar achoimre ar an meastóireacht sa roinn seo. Tá tuilleadh sonraí ar fáil sa doiciméad inmheánach oibre gaolmhar.

### 3.1 Éifeachtacht

Tá na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi ITRC curtha i bhfeidhm den chuid is mó mar a bhí coinne leis, le dhá chlár oibre ilbhliantúla agus dhá ghlao ar thograí. Fuair gach ceann de na 27 mBallstát cistiú ITRC: Fuair 22 Bhallstát cistiú faoin dá ghlao, fuair dhá Bhallstát cistiú faoin gcéad ghlao amháin, agus fuair trí Bhallstát cistiú faoin dara glao amháin. Bhí an t-éileamh ar chistiú beagán níos mó ná an buiséad sa dá ghlao: faoi níos lú ná 1 % don chéad ghlao, agus faoi 8 % don dara glao.

Tá sé cruthaithe go bhfuil dearadh ITRC iomchuí agus oiriúnach dá fheidhm. D'aontaigh os cionn 90 % de na riaracháin chustaim náisiúnta a ndearnadh suirbhé orthu gur leor buiséad ITRC chun bearnaí feidhmíochta a líonadh agus chun difear a dhéanamh do rialuithe custaim ina mBallstát. Ós rud é go raibh an t-éileamh ar chómhaoiniú ailínithe chomh dlúth sin leis an mbuiséad atá ar fáil, tugtar fianaise freisin gur leor méid an chistithe atá ar fáil chun freastal ar phríomhriachtanais na mBallstát. Mar sin féin, níl cinntí chun iarratas a dhéanamh ar chistiú ITRC bunaithe ar na riachtanais atá ann cheana amháin, ós rud é nach mór do na Ballstáit tosca tábhachtacha eile a chur san áireamh freisin, amhail a n-acmhainneacht oibríochtúil agus airgeadais chun an trealamh a cheannach agus a úsáid (lena n-áirítear a mbuiséad cómhaoinithe, a bhfoireann oilte, a mbonneagar agus a sreafaí trádála a bhfuil coinne leo i bpointí trasnaithe teorann.).

*Moilleanna ar chur chun feidhme*

---

([7]) Tá tionscadal pointe trasnaithe teorainn na hOstaire ón nglao sin, a bhfuil sé beartaithe go mairfidh sé 12 mhí, le tabhairt i gcrích an 30 Meán Fómhair 2025. Tá tionscadal pointe trasnaithe teorainn na Spáinne ón nglao céanna á fhoirceannadh faoi láthair mar gheall ar bhreithnithe náisiúnta.

Bhí moill ar chur chun feidhme sciar mór de na tionscadail faoin gcéad ghlao: Cuireadh síneadh le 20 de na 42 chomhaontú deontais([8]) nó tá siad ag fanacht le síneadh faoi láthair. Dúirt níos mó ná leath (53 %) de na riaracháin chustaim náisiúnta go raibh dul chun cinn ITRC ina dtíortha níos moille ná mar a bhí coinne leis. Bíonn tionchar ag na moilleanna sin ar fheidhmíocht fhoriomlán na hionstraime (e.g. moilleanna ar fheidhmíocht an Aontais Custaim a fheabhsú) agus ar acmhainneacht pleanála airgeadais an Choimisiúin (toisc go gcuireann moilleanna tionscadail moill ar leithdháileadh chistí an Aontais).

Ba é an toisc ba mhó a chuir bac ar dhul chun cinn thionscadail ITRC a dheacra atá sé nósanna imeachta soláthair náisiúnta a chur i gcrích. Thuairiscigh na húdaráis chustaim náisiúnta na fadhbanna seo a leanas mar thosca a chuir moill ar sholáthar trealaimh: nósanna imeachta anásta lena n-éilítear ceadanna agus formheasanna iomadúla; easpa saineolais agus acmhainní daonna in aonaid soláthair; éiginnteacht maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart soláthróirí áirithe a eisiamh mar gheall ar ábhair imní maidir leis an gcibearshlándáil, agus éiginnteacht faoin gcaoi ar cheart soláthróirí áirithe a eisiamh; easpa tairgeoirí; achomhairc nó gearáin ó thairgeoirí nár éirigh leo; agus srianta buiséid. Léirítear leis na moilleanna sin, mar aon le héileamh beagán os cionn an bhuiséid atá ar fáil faoin dá ghlao, go bhfuil acmhainneacht ionsúcháin theoranta ag údaráis chustaim na mBallstát le haghaidh tionscadail ar an scála sin.

Bhí ról mór ag breithnithe cibearshlándála maidir le roinnt tionscadal. Ós rud é go bhfuil ábhair imní tagtha chun cinn agus go bhfuil siad níos déine le blianta beaga anuas, rinneadh iarrachtaí chun measúnú a dhéanamh ar phróifílí riosca monaróirí agus, i gcás inar gá, chun cosc a chur ar thairgeoirí ardriosca páirt a ghlacadh i nósanna imeachta soláthair le haghaidh trealamh íogair. Is é an aidhm atá ann a áirithiú nach bhfaighidh ach réitigh shlána cistiú ón Aontas (lena n-áirítear cistiú ITRC). Mar sin féin, thuairiscigh roinnt Ballstát go bhfuil deacrachtaí praiticiúla acu é sin a dhéanamh, ós rud é go soláthraítear leibhéil éagsúla éifeachtachta leis an reachtaíocht náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin. Ar leibhéal an Aontais, tugadh aghaidh ar shlándáil agus ar chosaint cibearshlándála trealaimh trí threoraíocht shonrach ón gCoimisiún a eisíodh mar chuid de ghlao 2022 agus a athdhearbhaíodh in 2023 trí obair Ghrúpa Comhordaithe ITRC. Leis an dara glao, soláthraíodh ceanglais agus treoraíocht bhreise chun slándáil agus cibearshlándáil an trealaimh a chistítear faoi ITRC a áirithiú. Áiríodh orthu sin oibleagáid ar na Ballstáit is tairbhí a bheith rannpháirteach i seirbhísí slándála náisiúnta agus doiciméadacht tacaíochta a chur ar fáil lena léirítear comhlíonadh na gceanglas slándála. Mar sin féin, ní dheachthas i ngleic leis an tsaincheist sin ar bhealach comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais, agus próisis soláthair curtha ar ceal, athsheolta agus/nó athdheartha uaireanta chun rialacha soláthair náisiúnta agus tosaíochtaí slándála a chomhlíonadh.

Rinne ionradh iomlán na Rúise ar an Úcráin difear freisin do roinnt tionscadal ITRC i dtíortha a bhfuil teorainn acu leis an Úcráin, leis an mBealarúis nó leis an Rúis, rud a

([8]) Ó mhí Iúil 2025.

chruthaigh moilleanna nó a d'éiligh go n-aistreofaí an trealamh a bhí beartaithe chuig suíomhanna eile mar thoradh ar athruithe móra ar shreafaí trádála.

*Torthaí atá ag teacht chun cinn*

D'ainneoin na moilleanna agus na gconstaicí cur chun feidhme a leagtar amach thuas, tá tús curtha ag ITRC le haschuir inláimhsithe a sholáthar. De réir sonraí a chuir na Ballstáit isteach, rinneadh 907 bpíosa trealaimh a cheannach, a chothabháil nó a uasghrádú trí chistí ITRC faoi dheireadh 2024. I gcás pointí trasnaithe teorann, is é atá sa trealamh atá curtha chun úsáide 41 % den trealamh ar fad faoin gcéad ghlao; i gcás saotharlanna, 64 % atá i gceist.

Mar sin féin, tá sé fós deacair torthaí agus tionchar ITRC a thomhas go cainníochtúil ag an gcéim luath seo. Léirítear leis an taithí a fuarthas go dtí seo go ndéanann dúshláin agus teorainneacha nach beag a bhaineann le hiomláine, cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí foluiteacha difear do na táscairí torthaí uile a liostaítear i gcreat faireacháin agus meastóireachta ITRC([9]). Faoi dheireadh 2024, leis an bpríomhtháscaire toraidh lena dtomhaistear céatadán na bpointí trasnaithe teorann a chloíonn go hiomlán leis an liosta coiteann trealaimh ba cheart a bheith ar fáil le haghaidh gach cineáil pointe trasnaithe teorann, léiríodh dul chun cinn mall (10.67 % i gcomparáid le sprioc 60 %). Léirítear leis an táscaire lena dtomhaistear céatadán na mBallstát a bhfuil a ngealltanais bainte amach acu (ar bhonn bonnlínte nó spriocanna atá leagtha síos acu féin, e.g. líon nó luach urghabhálacha cineálacha éagsúla earraí nó substaintí, an líon seiceálacha a rinneadh, nó rátaí amas) dul chun cinn teoranta freisin (idir 10 % agus 21 %, ag brath ar an gcuspóir, i gcomparáid le sprioc 60 %). Tugtar le fios leis na torthaí sin freisin go bhféadfadh na spriocanna a leagtar síos a bheith neamhréalaíoch agus ró-uaillmhianach, toisc go dtugann siad tuairisc ar chás idéalach agus nach dtugann siad aird leordhóthanach ar shainiúlachtaí pointí trasnaithe teorann agus rialuithe custaim aonair. Ós rud é go dtógann sé níos faide tionchar na dtionscadal a léiriú, ní rabhthas in ann táscairí tionchair([10]) na hionstraime a ríomh go dtí seo.

Sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, d'fhreagair formhór na mBallstát (74 % de na freagróirí), bunaithe ar thaithí go dtí seo agus ar ionchais don chuid eile den chlárthréimhse, go rannchuideodh ITRC 'go mór' leis an gcuspóir sonrach atá aige 'rannchuidiú le torthaí leordhóthanacha agus coibhéiseacha rialuithe custaim'. Bhí coinne ag an gcuid eile le go rannchuideodh ITRC 'go pointe' (16 %) nó roghnaigh siad 'níl a fhios agam' mar fhreagra (10 %). Luaigh riaracháin chustaim náisiúnta freisin gur úsáideadh trealamh a ceannaíodh agus a cuireadh chun úsáide go dtí seo go héifeachtach

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1528 an 4 Iúil 2022 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/1077 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le forálacha maidir le creat faireacháin agus meastóireachta a bhunú.

([10]) Baineann na táscairí tionchair sin le rannchuidiú ITRC leis an méid seo a leanas: (i) leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais a chosaint; (ii) sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú; agus (iii) an tAontas a chosaint ar thrádáil neamhdhleathach, agus gníomhaíocht dhlisteanach ghnó á éascú.

agus de réir mar a bhí beartaithe. Thug formhór na bhfreagróirí faoi deara feabhsuithe móra ar fheidhmíocht an dá phointe trasnaithe teorann (go háirithe maidir le cruinneas braite, ach freisin ar luas, ar acmhainneacht agus ar an líon rialuithe) agus ar shaotharlanna custaim. Ó thaobh na nuálaíochta de, d'aontaigh 91 % de na freagróirí go spreagann agus go n-éascaíonn ITRC trealamh nuálach ceannródaíoch a cheannach. D'aontaigh 87 % go dtugtar aird chuí ar chúrsaí sábháilteachta agus comhshaoil i gcur chun feidhme ITRC.

*Leithdháileadh cistiúcháin ar na réimsí tosaíochta is airde*

Rinneadh scrúdú sa mheastóireacht ar an gcaoi a ndéantar measúnú ar riachtanais agus ar an gcaoi a n-úsáidtear iad chun leithdháileadh cistiúcháin a chinneadh. Shainaithin AS TAXUD réimsí tosaíochta i ngach clár oibre ilbhliantúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha. Mar sin féin, bhí na tosaíochtaí sin leathan, rud a d'fhág go raibh sé de shaoirse ag údaráis chustaim náisiúnta iarratas a dhéanamh ar aon trealamh incháilithe. Léirítear sna cás-staidéir a rinneadh le haghaidh na meastóireachta sin gur dhírigh roinnt Ballstát, ach ní iad go léir, ar na rioscaí is airde. Thairis sin, mar gheall ar an ró-shuibscríobh beag ar ghlaonna ITRC, ní raibh aon iomaíocht ann dáiríre maidir le cistiú. Dá bhrí sin, níor ghá don Choimisiún tosaíocht a thabhairt do na tograí ná do na pacáistí oibre is mó atá ailínithe le príomhriachtanais nó príomhrioscaí. Mar gheall ar chineál ilchuspóireach an trealaimh, a d'fhéadfaí a úsáid i bprionsabal chun cur in aghaidh bagairtí agus rioscaí éagsúla, mínítear freisin an easpa tosaíochta idir tograí. Go bunúsach, fuair na Ballstáit cómhaoiniú le haghaidh aon trealamh ar roghnaigh siad iarratas a dhéanamh air, fad a bhí sé incháilithe faoi ITRC. Ina theannta sin, tá saincheisteanna ann maidir leis na sonraí atá ar fáil le haghaidh na measúnuithe ar riachtanais, lena n-áirítear an trealamh atá ar fáil faoi láthair ag gach pointe trasnaithe teorann, i gcomparáid leis an méid ba cheart a bheith ar fáil go hidéalach ar bhonn méideanna tráchta agus próifílí riosca. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach n-áiritheofaí le ITRC, mar a cuireadh chun feidhme é go dtí seo, go dtabharfar aghaidh ar na bearnaí agus na riachtanais is mó ar leibhéal an Aontais ar bhealach chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

Tá sé deacair an méid iomchuí stiúrtha agus treoraíochta a chinneadh. I bprionsabal, d'fhéadfadh leithdháileadh níos éifeachtúla acmhainní a bheith mar thoradh ar chur chuige níos láraithe ón mbarr anuas – ina ndéantar cinntí maidir le trealamh a cheannach agus maidir le suíomhanna cur chun úsáide ar leibhéal an Aontais – agus d'fhéadfaí aghaidh níos fearr a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an Aontais ina n-iomláine. Mar sin féin, cuireann inniúlacht náisiúnta maidir le rialuithe custaim teorainn leis an méid stiúrtha a bheadh indéanta go polaitiúil agus go dlíthiúil. Trí dheis a thabhairt do na Ballstáit uile páirt a ghlacadh, cuidítear lena áirithiú go dtabharfar tacaíocht leathan don ionstraim. Tá an cinneadh chun trealamh a cheannach casta, rud a éilíonn breithniú ar roinnt tosca seachas díreach an gá atá leis an trealamh: bonneagar atá ann faoi láthair, spás atá ar fáil, suíomh geografach, foireann oilte leordhóthanach, srianta buiséadacha, pátrúin tráchta, etc. D'fhéadfaí a rá nach féidir measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar chuid de na tosca sin ach amháin ó thaobh na mBallstát de nó trí chigireachtaí ar an

láthair ag an gCoimisiún, agus measúnú á dhéanamh aige ar na pointí trasnaithe teorann nó ar na saotharlanna custaim ina n-iomláine.

### 3.2 Éifeachtúlacht

Deimhníodh sa mheastóireacht go bhfuil cur chun feidhme ITRC éifeachtúil den chuid is mó. Thuairiscigh riaracháin chustaim náisiúnta go raibh siad an-sásta le treoraíocht, bainistiú clár agus tráthúlacht thacaíocht AS TAXUD. Tríd is tríd, bhí an t-aiseolas maidir leis na próisis iarratais ar dheontais agus dámhachtana dearfach freisin. Níor tharraing iarratasóirí aon ghearán mór anuas, ach amháin maidir leis an ualach riaracháin a bhaineann le hiarratais ITRC a ullmhú, rud a mheas roinnt Ballstát a bheith sách trom.

Baineann an cáineadh sin ar an bpróiseas iarratais go príomha leis an tsamhail sonraí agus, go sonrach, leis na sonraí cainníochtúla fairsinge is gá. Áirítear ar na sonraí sin: (i) fardal cuimsitheach de threalamh rialaithe custaim an Bhallstáit atá ar fáil ag pointí trasnaithe teorann agus saotharlanna custaim; (ii), staidreamh tráchta; (iii) faisnéis faoi rioscaí; agus (iv) táscairí feidhmíochta. De réir an chur chuige shonraíbhunaithe a chumhdaítear i Rialachán ITRC, is é is cuspóir do bhailiú na sonraí sin bearnaí agus riachtanais a shainaithint go hoibiachtúil ionas gur féidir díriú ar chistiú ITRC dá réir sin, agus faireachán agus meastóireacht ar an ionstraim a éascú.

Mar sin féin, mheas formhór na riarachán custaim náisiúnta go raibh sé deacair agus trom an leibhéal mionsonraí agus gráinneachta a iarradh a sholáthar. Is minic a bhí iarracht mhór láimhe ag teastáil chun sonraí a bhailiú agus a thuairisciú, ós rud é gur ghá na sonraí a thiomsú ó fhoinsí éagsúla de ghnáth agus nach raibh na catagóirí ailínithe i gcónaí le nósanna imeachta agus creataí náisiúnta. I gcásanna áirithe, ní raibh sonraí ar fáil ar chor ar bith. Cheistigh roinnt Ballstát ábharthacht agus úsáideacht na sonraí. Cé gur thuig siad go ginearálta an gá atá le tacaíocht ITRC a bheith bunaithe ar thuiscint shoiléir ar riachtanais agus rioscaí iarbhír agus gur thacaigh siad le hiarrachtaí an Choimisiúin i bprionsabal, bhí amhras ar go leor acu ar rannchuidigh na bileoga sonraí atá ann faoi láthair leis an sprioc sin.

Mar thoradh air sin, tá saincheisteanna ann maidir le hiomláine, cáilíocht, iontaofacht agus inchomparáideacht shonraí ITRC ar fud na mBallstát agus na gcatagóirí. Cuireann sé sin bac ar chur chun feidhme agus acmhainneacht iomlán na samhla sonraí. Níl teorainneacha shonraí custaim an Aontais uathúil do ITRC. Mhol an Coimisiún mol sonraí custaim an Aontais Eorpaigh tiomnaithe a bhunú chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) sonraí atá scaipthe faoi láthair ar roinnt foinsí éagsúla a chomhdhlúthú; (ii) anailísíocht sonraí níos fearr a chumasú; agus (iii) próisis níos fearr a chumasú le haghaidh bainistiú agus rialú riosca.

Dá bhrí sin, tá acmhainneacht nach beag ann an tsamhail sonraí a shimpliú. D'fhéadfaí an creat a chuíchóiriú chun díriú ar ghnéithe ar féidir sonraí iontaofa inchomparáide a bhailiú ina leith gan mórán iarrachta breise agus a úsáid ansin chun fíor-riachtanais a shainaithint agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar ghráinneacht na sonraí atá le bailiú le haghaidh na dtáscairí, agus aon neamhréireachtaí modheolaíochta a sainaithníodh agus sainiúlachtaí eile nár tugadh

cuntas orthu go dtí seo á gcur san áireamh. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna táscairí a shocraítear ag tús chur chun feidhme an chláir chun a áirithiú go mbeidh siad uile insroichte, agus níos tábhachtaí fós, réalaíoch.

### 3.3 Comhleanúnachas

Tá dearadh ITRC comhleanúnach go hinmheánach: oibríonn na gnéithe éagsúla le chéile go maith chun a chuspóirí a bhaint amach. Tá ITRC deartha mar ionstraim réasúnta simplí lena soláthraítear tacaíocht airgeadais do phríomhghníomhaíocht amháin: ceannach, cothabháil agus uasghrádú trealaimh rialaithe custaim ag riaracháin chustaim náisiúnta na 27 mBallstát. Cuirtear an tacaíocht sin ar fáil de réir loighic idirghabhála atá soiléir agus fónta. Tá gníomhaíochtaí tacaíochta (lena n-áirítear cruinnithe agus táirgí insoláthartha Ghrúpa Comhordaithe ITRC agus an treoraíocht agus an tacaíocht theicniúil agus riaracháin a chuireann AS TAXUD ar fáil d'iarratasóirí) comhsheasmhach le loighic agus cuspóirí na hionstraime.

Go seachtrach, tá ITRC ceaptha chun comhleanúnachas le cláir agus cistí eile de chuid an Aontais a uasmhéadú. Spreagann sé comhlántachtaí agus sineirgí leis an méid seo a leanas: an clár custaim([11]), an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí([12]), clár frithchalaoise an Aontais, an clár Fís Eorpach, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

Go sonrach, is léir go bhfuil ITRC agus clár frithchalaoise an Aontais, atá á bhainistiú ag OLAF, comhlántach go soiléir, agus tugann siad aghaidh ar chuspóirí atá éagsúil ach idirnasctha. Sular bunaíodh ITRC mar ionstraim neamhspleách, bhí ról lárnach ag clár OLAF, Hercule, maidir le tacaíocht a thabhairt do thairbhithe atá ag lorg cistiú le haghaidh trealamh teorann. Ó bunaíodh ITRC, tá a chuid acmhainní ath-leithdháilte ag an gclár frithchalaoise ar thairbhithe eile (e.g. gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile) agus ar chineálacha eile uirlisí agus teicneolaíochtaí.

Tá éagsúlacht bheag ann maidir lena mhéid atá sineirgí agus comhlántachtaí iarbhír mar thoradh air sin. Leibhéil éagsúla feasachta is cúis leis sin, i bpáirt. Bunaithe ar fhreagraí ceistneora, tá beagnach gach oifigeach a bhíonn ag déileáil le ITRC i riaracháin chustaim náisiúnta eolach ar an gclár custaim, cé go bhfuil feasacht i bhfad níos ísle ar roinnt tionscnamh eile, d'ainneoin treoraíocht agus faisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil. I gcomhréir leis sin, bhain formhór na samplaí de shineirgí a chuir freagróirí agus agallaithe i dtábhacht le gnéithe den chlár custaim, amhail oiliúint, cruinnithe, comhroinnt saineolais, agus fóraim amhail Foireann Saineolaithe na Saotharlanna Custaim, Líonra Eorpach na Saotharlanna Custaim agus Foireann Saineolaithe

([11]) I measc nithe eile, tacaíonn an clár custaim le gníomhaíochtaí a chomhlánaíonn ITRC, amhail malartú dea-chleachtas, ceachtanna a foghlaimíodh agus oiliúint a bhaineann leis an trealamh lena mbaineann.

([12]) Dírítear go príomha leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí ar rialú daoine a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha an Aontais, rud a chomhlánaíonn fócas ITRC ar earraí.

Theorainneacha Talún an Oirthir agus an Oirdheiscirt. Mar sin féin, níorbh fhéidir ach dornán samplaí d'úsáid chomhlántach ITRC in éineacht le hionstraimí eile de chuid an Aontais a shainaithint. Mar shampla, chuir roinnt Ballstát in iúl gur bhain siad úsáid as an gclár frithchalaoise chun cistiú a fháil le haghaidh ítimí nach gcumhdaítear le ITRC ach a chomhlánaíonn trealamh arna chistiú ag ITRC (e.g. fístaifeadáin, trealamh TF agus feithiclí). Níl tionchar foriomlán na sineirgí leis an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí tagtha chun solais go fóill.

Níor roinn go leor Ballstát trealamh arna chistiú ag ITRC le húdaráis teorann eile go fóill. Is minic a tharlaíonn sé sin mar gheall ar chineál sonrach an trealaimh, atá deartha le haghaidh úsáid chustaim agus a bhfuil pearsanra oilte ag teastáil chun é a oibriú.

### 3.4 Breisluach Eorpach

Rinneadh measúnú sa mheastóireacht ar cé acu a rinne nó nach ndearna an ionstraim difear do na príomhthairbhithe, is é sin údaráis chustaim náisiúnta, thar an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach trí bhearta agus cistiú náisiúnta amháin. Cúis amháin le ITRC a bhunú ba ea míchothromaíochtaí a bheith ann idir na Ballstáit in acmhainní airgeadais le haghaidh trealamh rialaithe custaim, rud a chiallaíonn nach mbeadh go leor údarás custaim in ann acmhainní leordhóthanacha a shlógadh le haghaidh trealaimh gan cistiú seachtrach breise. Mar sin féin, tá na Ballstáit uile incháilithe do chistiú ITRC, fiú dá bhféadfadh sé go raibh a n-údaráis chustaim in ann an trealamh a cheannach iad féin.

Léirítear leis na sonraí a bailíodh le linn na meastóireachta gurbh ann, tríd is tríd, do dhá ghrúpa Ballstáit ag brath ar a gcúinsí. Is éard atá sa chéad ghrúpa tíortha inar soiléir gur chumasaigh cistiú ITRC ceannacháin trealaimh nach bhféadfaí a dhéanamh ó fhoinsí eile. Baineann formhór na n-údarás custaim leis an ngrúpa sin, agus dúirt beagnach dhá thrian (61 %) de na freagróirí nach mbeidís in ann an trealamh a iarradh ina n-iarratais ar dheontais a fháil gan tacaíocht ITRC. Ní raibh a mhalairt de thuairim ach ag 9 % díobh, agus bhí an 29 % eile neodrach nó níor fhreagair siad.

Fuarthas leibhéil arda 'breisíochta' i sé cinn de na cás-staidéir chuimsitheacha a rinneadh ar 10 ndeontas don chéad ghlao ITRC. Os a choinne sin, cumhdaíodh sna ceithre chás-staidéar eile riachtanais trealaimh a d'admhaigh oifigigh náisiúnta fiú gan cistiú ITRC. Sna Ballstáit sin, ba é ról ITRC dlús a chur le húsáid an trealaimh is gá nó próifíl pholaitiúil an trealaimh rialaithe custaim a ardú, rud a spreag lucht custaim chun uaillmhian níos mó a shaothrú. Ar an iomlán, deimhnítear leis na torthaí gur cistiú breise a bhí i gcistiú ITRC den chuid is mó, cé nár tháinig sé ach in ionad cistiú náisiúnta i gcásanna áirithe.

Bhí formhór na mBallstát den tuairim gur 'aontaigh siad go láidir' (29 %) nó gur 'gnách gur aontaigh siad' (55 %) go raibh Grúpa Comhordaithe ITRC ina fhóram éifeachtach le haghaidh comhair san Aontas. Leis an saineolas, an chomhairle agus na teimpléid a roinneadh sa Ghrúpa Comhordaithe, laghdaíodh na costais náisiúnta a bhaineann le sonraíochtaí tairisceana a dhréachtú, soláthar a bhainistiú agus déileáil le soláthróirí. Bhí na Ballstáit bheaga ar lú a n-acmhainneacht fíor-bhuíoch as sin.

Mar sin féin, tá samplaí den chomhar oibríochtúil a eascraíonn as ITRC fós thar a bheith teoranta. D'ainneoin comhchistiú ón Aontas agus díograis ghinearálta chun dul i gcomhar ar bhealach níos dlúithe, is ar an leibhéal náisiúnta a dhéantar cinntí maidir le trealamh a cheannach agus a úsáid den chuid is mó. Tá sé sin i gcomhréir leis an dá rud seo a leanas: (i) samhail cur chun feidhme ITRC (i gcás ina soláthraíonn na Ballstáit an trealamh); agus (ii) beartais chustaim ar bhonn níos leithne (i gcás ina bhfuil údaráis chustaim aonair freagrach as anailís riosca agus rialuithe).

### 3.5 Ábharthacht

Scrúdaíodh sa mheastóireacht cé chomh maith agus a mheaitseálann ITRC riachtanais agus tosaíochtaí athraitheacha an Aontais, a chumas oiriúnú d'athruithe, agus a mhéid a chomhlíonann sé riachtanais na bpáirtithe leasmhara.

Le straitéis chustaim an Aontais([13]) agus plean custaim an Aontais([14]), soláthraítear an creat uileghabhálach chun an tAontas Custaim a neartú. Leagtar amach iontu príomhthosaíochtaí, amhail forfheidhmiú custaim a nuachóiriú, anailís agus bainistiú riosca a fheabhsú, comhroinnt sonraí a fheabhsú, agus comhar idir na Ballstáit a chothú. Leagtar béim sna straitéisí sin ar an luach a bhaineann leis na nithe seo a leanas: (i) córas custaim atá níos sonraíbhunaithe agus níos athléimní a chruthú; (ii) sásraí rialaithe rioscabhunaithe a threisiú; agus (iii) an bonneagar agus na teicneolaíochtaí is gá a thabhairt d'údaráis chustaim chun forfheidhmiú a fheabhsú agus chun cinnteoireacht fhíor-ama atá bunaithe ar shonraí a chumasú. Trí threalamh a chistiú d'údaráis chustaim náisiúnta, tacaíonn ITRC leis na haidhmeanna sin agus cuidíonn sé le hacmhainneacht fhorfheidhmithe sonraíbhunaithe a chomhchuibhiú ar fud an Aontais Custaim.

Tá cláir oibre ilbhliantúla agus glaonna cistiúcháin ITRC fós ábhartha trína raon feidhme a chur in oiriúint do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Le linn an chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara, chuir na Ballstáit in iúl go n-aontaíonn siad go láidir leis na tosaíochtaí sonracha a leagtar amach sa chéad clár oibre ilbhliantúil (2021-2022) agus sa dara clár oibre ilbhliantúil (2023-2024).

Tá tacaíocht láidir ag ITRC i measc na 27 n-údarás custaim. Meastar go forleathan gur uirlis fhíor-riachtanach é chun éagothromaíochtaí i gcumais forfheidhmithe custaim a laghdú agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na Ballstáit uile ar threalamh rialaithe custaim úrscothach gan beann ar shrianta buiséadacha. Aontaíonn formhór mór na riarachán custaim gur fíor-riachtanais iad na riachtanais a dtugann ITRC aghaidh orthu agus go sainaithnítear i gceart iad.

Is iondúil go mbreathnaíonn na húdaráis chustaim náisiúnta ar na critéir incháilitheachta agus go bhfuil siad ailínithe go maith lena riachtanais agus lena dtosaíochtaí trealaimh.

---

([13]) Ar fáil ag https://taxation-customs.ec.europa.eu/customs-4/eu-customs-strategy_en.

([14]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: *Taking the Customs Union to the next level*: *A plan for action*, [An tAontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an Chéad Leibhéal eile: Plean gníomhaíochta], COM(2020) 581 final, an Bhruiséil, 28.9.2020.

Mar sin féin, shainaithin roinnt Ballstát riachtanais bhreise nach gcumhdaítear, nó nach gcumhdaítear ach go páirteach, leis na critéir atá ann faoi láthair. Áirítear orthu sin costais bhonneagair, ós rud é go n-éilíonn trealamh áirithe go bhfeidhmeoidh bonneagar ar leith (e.g. lánaí leoraithe nua) go héifeachtach. Riachtanas eile nach gcumhdaítear leis na critéir atá ann faoi láthair is ea trealamh TF lena gcumasaítear idir-inoibritheacht, comhtháthú (naisc laistigh de chórais agus líonraí coiteanna), rialú láraithe trealaimh agus próiseáil láraithe sonraí agus íomhánna. I bprionsabal, níl bonneagar agus trealamh agus costais TF incháilithe faoin ITRC atá ann faoi láthair.

## 4. CONCLÚIDÍ AGUS CEACHTANNA A FOGHLAIMÍODH

Leagtar béim sa mheastóireacht ar a thábhachtaí atá ITRC mar an t-aon chlár amháin a chuidíonn le húdaráis chustaim an Aontais infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh rialaithe custaim nua-aimseartha chun rialuithe custaim comhsheasmhacha agus éifeachtacha a áirithiú ar fud na mBallstát. Cé go bhfuil an ionstraim fós ag céim luath den chur chun feidhme, agus na torthaí a cuireadh i láthair sa roinn roimhe seo á gcur san áireamh, measann an Coimisiún gur ionstraim luachmhar é ITRC, le héachtaí móra tosaigh maidir le hacmhainneachtaí rialaithe custaim a neartú ar fud an Aontais. Mar sin féin, tá saincheisteanna agus réimsí sainaitheanta aige freisin a d’fhéadfaí a fheabhsú chun éifeachtacht, éifeachtúlacht agus tionchar na hionstraime ar chomhchuibhiú na gcleachtas custaim a uasmhéadú.

D’fhreagair ITRC d’fhíor-riachtanais bheartais agus phraiticiúla agus chuir sé tacaíocht éifeachtach agus éifeachtúil ar fáil den chuid is mó. Sainaithníodh na **láidreachtaí** seo a leanas.

- Ábharthacht agus luach. Tugann ITRC aghaidh ar riachtanas tábhachtach: dul i ngleic le héagothromaíochtaí i dtrealamh rialaithe custaim ar fud na mBallstát. Léirítear le rannpháirtíocht na 27 mBallstát uile a thábhachtaí atá ITRC maidir le bearnaí a dhúnadh agus trealamh rialaithe custaim a nuachóiriú ar fud an Aontais.

- Comhleanúnachas le tosaíochtaí an Aontais. Tá ITRC ailínithe go láidir leis na cuspóirí straitéiseacha níos leithne a leagtar amach i gCód Custaim an Aontais([15]) agus i straitéis chustaim an Aontais agus i bplean custaim AE, go háirithe an gá atá le córais chustaim atá nua-aimseartha, sonraíbhunaithe, idirnasctha agus athléimneach. Faoin dara glao, leithdháileadh os cionn EUR 200 milliún de chistiú ón Aontas ar údaráis chustaim le haghaidh trealamh úrscothach. Tugtar tacaíocht leis an trealamh sin do thionscnamh Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach agus méadaítear leis éifeachtacht na bainistíochta riosca custaim agus na rialuithe a bhaineann le drugaí aindleathacha agus réamhtheachtaithe.

- Dearadh, bainistiú agus tacaíocht éifeachtach. Tá príomhghnéithe dearaidh ITRC oiriúnach dá chuspóirí. Measann na tairbhithe go forleathan go bhfuil an

([15]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.

bhainistíocht a dhéanann AS TAXUD éifeachtach agus éifeachtúil, agus tá siad an-sásta leis an treoraíocht, leis an gcumarsáid agus leis an tacaíocht riaracháin a chuirtear ar fáil.

- Torthaí atá ag teacht chun cinn. Tá torthaí á mbaint amach ag tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó ITRC. Fuarthas os cionn 900 píosa trealaimh rialaithe custaim go dtí seo, rud a chuidíonn le feabhas a chur ar chumais na bpointí trasnaithe teorainn agus na saotharlann is faighteoirí. Cé nach féidir tionchar beacht a thomhas go fóill, tá acmhainneacht na dtairbhithe le haghaidh rialuithe níos tapúla agus níos cruinne á neartú ag an ionstraim cheana féin. Agus moilleanna féideartha ar chur chun feidhme á gcur san áireamh, táthar ag súil go gcomhlíonfar na riachtanais is práinní le haghaidh trealamh rialaithe custaim i mBallstáit an Aontais faoi dheireadh na clárthréimhse sin trí na comhaontuithe deontais a tugadh i gcrích faoi ghlaonna ITRC 2021-2027.

- Breisíocht an chistithe. Chuir tacaíocht airgeadais ITRC fíor-bhreisluach ar fáil do go leor Ballstát, go háirithe iad siúd a bhfuil srianta buiséadacha nó teorainneacha fairsinge acu le tíortha nach bhfuil san Aontas. Bhí ról lárnach ag cistiú ITRC chun ceannach trealaimh rialaithe custaim a chumasú, ar trealamh é nach mbeifí in ann a cheannach murach an cistiú.

Mar ionstraim nua, bhí roinnt dúshlán roimh ITRC le linn an chur chun feidhme. Sainaithníodh na **fadhbanna agus na réimsí** seo a leanas **a bhféadfaí feabhas a chur orthu** agus ní mór aird a thabhairt orthu.

- Moilleanna cur chun feidhme mar gheall ar dhúshláin soláthair náisiúnta. Bhí gá le síntí ar bheagnach leath de na deontais faoin gcéad ghlao d'ainneoin fhad tosaigh réasúnta fada na dtionscadal (31 mhí ar an meán). Ba iad na nithe seo a leanas ba chúis leis an gcuid is mó díobh sin: (i) fadhbanna leis na próisis soláthair (lena n-áirítear easpa saineolais, acmhainní neamhleora, achomhairc agus dlíthíocht); (ii) deacracht maidir le ceanglais slándála agus cibearshlándála a chomhtháthú; agus (iii) srian a chur le rochtain ar thairiscintí do mhonaróirí ardriosca. Cé go ndearnadh gníomhaíocht cheana féin laistigh de ITRC chun dea-chleachtais a shainaithint agus a chomhroinnt, tá an soláthar náisiúnta fós ina bhac mór.

  Ar an iomlán, is mór an t-achar idir an t-am a chuireann na Ballstáit tograí tionscadail ITRC isteach agus an t-am a chuirtear an trealamh chun úsáide iarbhír sa réimse – 2 bhliain go 3 bliana ar a laghad de ghnáth i gcás tionscadail níos lú agus suas le 6 nó 7 mbliana i gcás na dtionscadal is casta. Leis an staid sin, atá níos measa fós mar gheall ar na moilleanna thuasluaite, leagtar béim ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear an ionstraim chun feidhme, agus aird ar leith á tabhairt ar sholáthar, ar idir-inoibritheacht/idirnascacht, agus ar shlándáil/cibearshlándáil an trealaimh.

- Spriocdhíriú agus beartú tosaíochta neamhleor. Tá sé beartaithe leis an gcur chuige sonraíbhunaithe a áirithiú go ndíreofar tacaíocht ITRC ar na rioscaí agus

na bearnaí is mór ar fud an Aontais. Mar sin féin, léirigh an chéad bhabhta tionscadal riachtanais agus tosaíochtaí náisiúnta go príomha, le treoraíocht theoranta chun a áirithiú go dtugann siad aghaidh ar na riachtanais is práinní atá ag an Aontas Custaim ina iomláine([16]) .

- Saincheisteanna leis an tsamhail sonraí agus leis an tuairisciú. Mheas riaracháin chustaim náisiúnta go raibh sé deacair na ceanglais sonraí a chomhlíonadh agus go raibh ualach trom ag baint leo. Tá imní mhóra ann maidir le hiontaofacht agus inchomparáideacht na sonraí arna gcur faoi bhráid AS TAXUD ag na Ballstáit mar chuid dá n-iarratais ar thionscadail agus dá dtuarascálacha. Ina theannta sin, ceistíodh dearadh táscairí áirithe agus spriocanna comhfhreagracha. Mar thoradh air sin, ní raibh na sonraí a bailíodh go dtí seo inúsáidte ach i bpáirt chun na gcríoch a beartaíodh dóibh, is é sin (i) bearnaí agus riachtanais a shainaithint chun cistiú ITRC a spriocdhíriú níos fearr agus (ii) tacú le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar ITRC.

- Breisíocht mhíchothrom: I gcásanna áirithe, úsáideadh cistiú ITRC chun trealamh a cheannach a sholáthrófaí le hacmhainní náisiúnta ar aon nós. Fiú sna cásanna sin, cuireadh breisluach le cistiú ITRC trí dhlús a chur le ceannacháin agus trí acmhainní a mhéadú.

- Tionchar teoranta ar threalamh nuálach: Cé gur spreagadh nuálaíocht sa dá ghlao ar chistiú, is beag aird a tugadh uirthi sna deontais a dámhadh go dtí seo. Deis nár tapaíodh a bhí i gceist ansin chun trealamh ceannródaíoch a úsáid chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht rialuithe custaim a fheabhsú.

- Cur chun feidhme neamh-chomhtháite agus sineirgí teoranta le cláir eile: D'ainneoin obair Ghrúpa Comhordaithe ITRC, is freagracht náisiúnta go bunúsach é deontais ITRC a chur chun feidhme. Níor saothraíodh soláthar comhpháirteach ag na Ballstáit go fóill. Lasmuigh den chlár custaim, tá teorainn leis an bhfianaise ar shineirgí praiticiúla le cláir eile de chuid an Aontais.

Le linn a bhfuil fágtha den chlárthréimhse, tabharfaidh AS TAXUD aghaidh ar na réimsí sainaitheanta uile a bhféadfaí feabhas a chur orthu chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí ginearálta agus sonracha na hionstraime.

Is dócha go dtiocfaidh forbairt nach beag ar chreat beartais agus institiúideach na hionstraime sna blianta amach romhainn a luaithe a ghlacfar an t-athchóiriú custaim atá beartaithe ag an Aontas([17]). De réir mar a ullmhaíonn an Coimisiún an chéad chreat

([16]) Don dara glao, chuir an Coimisiún treoraíocht thírshonrach ar fáil do na Ballstáit inar moladh cén trealamh ar cheart dóibh iarratas a dhéanamh air chun na pointí trasnaithe teorann is laige agus na saotharlanna custaim atá acu a neartú. Bhí na moltaí sin bunaithe ar anailís ar shonraí a chuir na Ballstáit ar fáil le linn an chéad ghlao.

([17]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, *Customs reform: Taking the Customs Union to the next*

airgeadais ilbhliantúil eile de chuid an Aontais (2028-2034), lena bhféachtar le cláir chistiúcháin níos simplí, níos cuíchóirithe agus níos comhchuibhithe de chuid an Aontais a bhfuil níos mó solúbthachta acu ar fud an bhuiséid([18]), tá scrúdú á dhéanamh aige ar an mbealach is fearr chun cuspóirí beartais custaim a bhaint amach agus ar cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do cheannacháin trealaimh rialaithe custaim agus conas a dhéanfar sin.

I gcomhréir leis an gcaibidlíocht atá ar siúl faoi láthair maidir le hathchóiriú custaim, molann an Coimisiún go gcuirfidh Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh amach anseo aon bheart atá cosúil le ITRC chun feidhme. D’fhéadfadh na bearta sin a bheith oscailte freisin do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha comharsanachta, tíortha nach bhfuil incháilithe faoi láthair faoi ITRC. Ina theannta sin, d’fhéadfaí iad a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna práinneacha laistigh den Aontas. Is é an clár cistiúcháin ábhartha le haghaidh na mbeart sin an clár beartaithe um an margadh aonair agus um chustam([19]), lena n-áirítear an clár custaim atá ann faoi láthair.

Mar gheall ar na moilleanna ar thionscadail a chur chun feidhme faoin gcéad ghlao, agus chun freastal ar thosaíochtaí beartais atá ag teacht chun cinn, chinn an Coimisiún EUR 84.95 milliún den EUR 448 milliún atá fágtha i ngealltanais ITRC a ath-imlonnú go dtí deireadh an chreata airgeadais ilbhliantúil atá ann faoi láthair. Déanfar an t-athúsáid sin i dtrí thráthchuid: EUR 68.35 milliún in 2025, EUR 8.85 milliún in 2026 agus EUR 7.75 milliún in 2027. Tá sé beartaithe leis an mbeart eisceachtúil sin tacú le réitigh dhigiteacha láraithe a bhaineann le beartas custaim, agus EUR 60 milliún á leithdháileadh faoi Cheannteideal 1 chun an mol sonraí custaim a ullmhú agus EUR 24.95 milliún faoi Cheannteideal 3 le haghaidh an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha. Cuireadh san áireamh sa chinneadh sin acmhainneacht riaracháin na mBallstát tionscadail nua ITRC a ionsú agus a chur in úsáid i ndiaidh a chéile laistigh de thréimhse ama dhocht.

---

*level*[Athchóiriú custaim: An tAontas Custaim a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile], COM(2023) 257 final, an Bhruiséil, 17.5.2023.

([18]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *A dynamic EU budget for the priorities of the future – The Multiannual Financial Framework 2028-2034,* [Buiséad dinimiciúil de chuid an Aontais Eorpaigh i gcomhair thosaíochtaí na todhchaí – Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028-2034] COM(2025) 570 final, an Bhruiséil, 16.7.2025.

([19]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Clár um an Margadh Aonair agus Custam le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/444, (AE) 2021/690, (AE) 2021/785, (AE) 2021/847 agus (AE) 2021/1077, COM(2025) 590 final, an Bhruiséil, 3.9.2025.